

**Appointment to the Mental Health (Criminal Law) Review Board
Department of Justice & Equality**

Déanann an Bord Athbhreithnithe Meabhairghalair (an Dlí Coiriúil), arna chur ar bun faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006, athbhreithniú maidir le coimeád na n-othar sa Phríomh-Ospidéal Meabhairghalair:

- a) atá ag feitheamh lena dtríail ar chúiseanna coiriúla ach nach bhfuil inniúil ar thriail a sheasamh faoi láthair mar gheall ar an meabhairghalar, nó
- b) a cuireadh ar a dtríail sa Chúirt agus a fuarthas neamhchiontach, de bharr na gealtachta, i gcion coiriúil a dhéanamh, nó
- c) a bhí i bpríosún ar athchur nó ar a gciontú i gcoir a dhéanamh, agus a aistríodh ón bpríosún, príosún míleata san áireamh, d'fhonn cóir leighis a chur orthu.

Rinneadh an tAcht a leasú sa bhliain 2010 ionas gur tugadh de chumhacht don Bhord a ordú go ndéanfaí othair a dhíscaoileadh faoi réir ag coinníollacha is féidir a fhorfheidhmiú.

Tagann na coireanna, nó na coireanna líomhnaithe, a rinne na hothair seo faoi scáth na catagóire is tromchúisí coireanna. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an mBord ar choinneáil na n-othar seo, ní mór an baol go ndéanfadh an t-othar foréigean san am atá le teacht, orthu féin nó ar dhuine eile, a thabhairt ar an gcothrom leis an gceart atá ag an othar ar shaoirse, ar an ngalar, léargas ar an ngalar agus a shásta a bhítear glacadh leis an gcóireáil, a chur san áireamh.

Bíonn réimse leathan cineálacha d'éalang meabhrach ag gabháil do na hothair a ndéanann an Bord athbhreithniú ar a gcuid cásanna. Tagann réimse leathan, i gceist le héalang mheabhrach faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 de réir mar a mhínítear sin faoin Acht Meabhair-Shláinte 2001. Tagann ionadaí dlí thar ceann an othair os comhair an Bhoird.

Bíonn ar an mBord a shocrú, i bhfianaise stair meabhairshláinte agus stair coiriúlachta an othair, cibé an é leas an othair féin agus leas an phobail, go ndéanfaí an t-othar a scaoileadh saor gan choinníoll, a scaoileadh saor faoi réir ag coinníollacha is féidir a fhorfheidhmiú nó a choinneáil sa Phríomh-Ospidéal Meabhairghalair go gcuirtear cóireáil bhreise orthu.

Nasc leis an Turascáil Bhliantúil is deireanaí – www.justice.ie

Comhaltaí Reatha an Bhoird

An Giúistís Uasal Iarfhlaithe O'Neill - Cathaoirleach
An Dr. Michael Mulcahy – Comhalta
Ms. Nora McGarry – Comhalta
An Dr Elizabeth Walsh – Comhalta

Sonraí faoin bhFolúntas

Tá ceangailte faoin dlí go mbeadh ar a laghad dochtúir oifigiúil ceadaithe amháin ar an mBord ar a mbíonn triúr comhaltaí agus aon Chathaoirleach amháin. (alt 1, Sceideal 1 leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006);

Tugtar de shainmhíniú ar dhochtúir oifigiúil ceadaithe faoi Alt 1 an Achta gurb ionann é agus síciatraí sainchomhairleoireachta.

Is féidir an tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006 a bhreathnú ach clliceáil ar an nasc seo a leanas:

<http://www.irishstatutebook.ie/eli/2006/act/11/enacted/en/html>

Beidh an dochtúir oifigiúil ceadaithe reatha ag éirí as an bpost ar an mBord i rith na míonna seo romhainn agus ní mór Síciatraí Sainchomhairleoireachta eile a cheapadh. Is ar bhonn páirtaimseartha a dhéanann an comhalta fónamh ar an mBord. Téarma cúig bliana atá i gceist leis an gceapachán. Is féidir leis an Aire comhalta a athcheapadh ar feadh téarma eile i gcomhréir le Treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit; <http://www.per.gov.ie/en/appointments-to-state-boards/>

Scileanna Inmhianta / Critéir Bhunriachtanacha

Iarrtar ar dhaoine oiriúnacha ag a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla, inniúlacht, taithí agus suim dháiríre sa réimse seo agus ar mhian leo fónamh a dhéanamh mar chomhalta boird, sin a chur in iúl.

Ní mór iarrthóir a bheith ina d(h)ea-dhuine agus déanfar grinnfhiosrúchán de chuid an Gharda ina leith sula gceapfar comhalta nua.

Beidh eolas, tuiscint, saineolas agus taithí ar an gcóras dlí coiriúil ag an iarrthóir is fearr a oireann, chomh maith le tuiscint agus bá maidir le híospartaigh agus an tionchar a bhíonn ag coireanna orthusan, maille le spéis sa tsíciatracht fhóirínseach, agus b'fhearr arís roinnt taithí ar an réimse sin. Ní mór eolas a bheith ag iarrthóirí ar na ceisteanna sa tsochaí a imríonn tionchar ar thimpeallacht an dlí choiriúil.

Beidh dlite ar iarrthóirí cion oibre éifeachtúil a dhéanamh maidir le hobair an Bhoird Athbhreithnithe Meabhairghalair (an Dlí Coiriúil). Tiocfaidh i gceist leis sin an cumas oibriú i gcomhar agus go héifeachtúil comhtháite mar chomhalta de chuid an Bhoird.

Ba chóir go mbeadh an méid seo a leanas ar thréithe an iarratasóra:

- Sárchumas breithiúnais, sárscileanna anailíse agus sárscileanna áitimh;
- Sárscoleanna cumarsáide agus idirphearsanta;
- Cumas cruthaithe measúnóireacht agus cinntí a dhéanamh go neamhspleách maidir le ceisteanna casta;
- An cumas measúnóireacht chothrom réasúnach a dhéanamh maidir leis an mbaol a bheadh i gceist agus na tosca atá le cur san áireamh;
- Leibhéal maith féinmhuiníne.

Tá rúndacht an t-am go léir ar cheann de na coinníollacha barrthábhachta. Ní mór don iarrthóir iarrtar ar dhaoine oiriúnacha ag a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla, inniúlacht, taithí agus suim dháiríre sa réimse seo agus ar mhian leo fónamh a dhéanamh mar chomhalta boird, sin a chur in iúl.

Ní mór iarrthóir a bheith ina d(h)ea-dhuine agus déanfar grinnfhiosrúchán de chuid an Gharda ina leith sula gceapfar comhalta nua.

Beidh eolas, tuiscint, saineolas agus taithí ar an gcóras dlí coiriúil ag an iarrthóir is fearr a oireann, chomh maith le tuiscint agus bá maidir le híospartaigh agus an tionchar a bhíonn ag coireanna orthusan, maille le spéis sa tsíciatracht fhóirínseach, agus b'fhearr arís roinnt taithí ar an réimse sin.

Ní mór eolas a bheith ag iarrthóirí ar na ceisteanna sa tsochaí a imríonn tionchar ar thimpeallacht an dlí choiriúil.

Beidh dlite ar iarrthóirí cion oibre éifeachtúil a dhéanamh maidir le hobair an Bhoird Athbhreithnithe Meabhairghalair (an Dlí Coiriúil). Tiocfaidh i gceist leis sin an cumas oibriú i gcomhar agus go héifeachtúil comhtháite mar chomhalta de chuid an Bhoird.

Ba chóir go mbeadh an méid seo a leanas ar thréithe an iarratasóra:

- Sárcumas breithiúnais, sárscileanna anailíse agus sárscileanna áitimh;
- Sárcileanna cumarsáide agus idirphearsanta;
- Cumas cruthaithe measúnóireacht agus cinntí a dhéanamh go neamhspleách maidir le ceisteanna casta;
- An cumas measúnóireacht chothrom réasúnach a dhéanamh maidir leis an mbaol a bheadh i gceist agus na tosca atá le cur san áireamh;
- Leibhéal maith féinmhuiníne.

Tá rúndacht an t-am go léir ar cheann de na coinníollacha barrthábhachta. Ní mór don iarrthóir oiriúnach a bheith discréideach ag plé le heolas atá thar a bheith íogair, pearsanta agus príobháideach.

Ní mór don iarrthóir a bheith solúbtha agus sásta dul in oiriúint do chásanna. Éilítear ar chomhaltaí an Bhoird idir dhá lá agus ceithre lá sa mhí a chaitheamh leis an obair agus d'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná sin i gceist ag brath ar líon na n-agallamh a bhíonn le déanamh.

Iarrtar ar an iarrthóir Curriculum Vitae cuimsitheach maille le litir iarratais (nach faide ná dhá leathanach) a chur faoi bhráid ina dtugtar cuntas ar a bhfuil bainte amach ag an iarrthóir, a bhfuil de thaitheáige nó aici agus a fheabhas a oireann a c(h)uid saineolais d'obair an Bhoird.

Déanfar an rogha bunaithe ar na hiarratais a thagann isteach a scrúdú, gearrliosta a leagan amach más gá, agus agallamh a shocrú. Cuirfear na hiarratasóirí is oiriúnaí, de réir ord fiúntais, i gcead an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais lena haontú a fháil.

Cuirfear oiliúint tosaigh ar fáil don Chomhalta nua Boird.

Ní mór an t-iarrthóir a bheith ina 'd(h)ochtúir oifigiúil ceadaithe'. Déantar sainsonrú ina leith sin faoi Alt 1 an Achta um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006 gur síciatraí sainchomhairleach atá ann.

An Próiseas Iarratais & Measúnóireachta

Ba chóir Léiriú Spéise, lena ngabhann litir agus Curriculum Vitae ina leagtar amach an taitheáige oibre ábhartha, a chur le teachtaireacht ríomhphoist chun, Acmhainní Daonna, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag recruit@justice.ie faoin 5 i.n. Déardaoin an 24 Samhain 2016. Cinntítear le do thoil go luaitear “An Bord Athbhreithnithe Meabhairghalair (an Dlí Coiriúil)” mar ábhar na teachtaireachta.

Déanfaidh painéal measúnóireachta scrúdú ar gach Léiriú Spéise iomlán. D'fhéadfadh go mbeidís seo a leanas ar an bpainéal measúnóireachta:

1. An Dochtúir Oifigiúil Ceadaithe atá ag dul ar scor
2. Ionadaí thar ceann na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais
3. Duine Neamhspleách

Déanfar an rogha bunaithe ar na hiarratais a scrúdú, gearrliosta a leagan amach más gá, agus agallamh a shocrú ar dócha gur i rith na seachtaine dár tús Dé Luain an 19 Nollaig 2016 a eagrófar é. Déanfar na hiarrthóirí is oiriúnaí, de réir ord fiúntais, a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ansin lena n-aontú.

Déanfar teagmháil leat a luaithe a bheidh cinneadh deiridh déanta ag an Aire.

I gcás iarrthóirí a mheastar a bheith oiriúnach ach nach dtairgtear ionad dóibh ar dtús, d'fhéadfadh go ndéanfaí teagmháil leo tráth is faide anonn sa chás go dtagann folúntais eile i gceist.

Agus na hiarratais á meas, beidh aird chuí ar pholasaí an Rialtais maidir le cothromaíocht inscne ar Bhoird Stáit.